

1. Cad a cheapann tú faoi Mháire?
Ceapaim **go bhfuil sí** go deas.
An gcheapann tú **go bhfuil sí** cliste?
Ceapaim. Tá sí an-chliste.

Cheap mé **go raibh tú** tinn.
Bhí. Ach tháinig biseach orm.

An gcreideann tú **gur ith Seán** iasc?
Ní chreidim. Ní maith leis iasc.

Ar chuala tú **go bhfuil Seán** ar ais?
Níor chuala. Cathain a d'fhill sé?
 2. Tá súil agam **go bhfuil tú** go maith.
Tá áthas orm **gur tháinig tú** inniu.
Táim sásta **go bhfuair tú**
an t-airgead.
Táim buíoch **gur tháinig tú** inniu.
Ní raibh a fhios agam **go raibh sí**
anseo.
 3. Is dóigh liom **go bhfuil sé** sa bhaile.
Ní dóigh liom **go bhfuil sé** sa bhaile.
Is dócha **go bhfuil sé** sa bhaile.
Is cósúil **go bhfuil sé** sa bhaile.
B'fhéidir **go bhfuil sé** sa bhaile.
- What do you think about Mary?
I think **that she is** nice.
Do you think **that she is** smart?
Yes. She's very smart.

I thought **that you were** sick.
I was. But I got better.

Do you believe **that John ate** fish?
No. He doesn't like fish.

Did you hear **that John is** back?
No. When did he return?

I hope **that you are** well.
I'm happy **that you came** today.
I'm happy **that you got**
the money.
I'm thankful **that you came** today.
I didn't know **that she was** here.

I supposed **that he is** at home.
I don't suppose **that he is** at home.
It is probable **that he is** at home.
It seems **that he is** at home.
It's possible **that he is** at home.

Comhrá 1

A: Cá bhfuil Seán?

B: Ceapaim **go bhfuil sé** fós sa tSín.

A: Nár chuala tú **gur tháinig sé** abhaile?

B: Níor chuala. Chathain ar tháinig sé?

A: Creidim **gur fhill sé** aréir.

B: Níor chuala mise faoi.

Comhrá 2

A: Tá súil agam **go bhfuil tú** go maith.

B: Bhí mé tinn. Ach tháinig biseach orm.

A: Ní raibh a fhios agam **go raibh tú** tinn.

B: Tá mé ceart go leor anois.

A: Bhuel, tá áthas orm **go bhfuil**.

B: Go raibh maith agat.

Comhrá 3

A: Ní raibh Máire ar an mbus inniu.

B: Is dóigh liom **gur shiúil sí** abhaile.

A: Ní dóigh liom **gur shiúil**.

B: B'fhéidir **go bhfuair sí** síob.

A: B'fhéidir.

B: Is dócha é.

Comhrá 4 (ceisteanna)

1. An gcheapann tú **go bhfuil** beatha?
ar phlainéid eile?
2. Ar chuala tú **go ndeachaigh**
an tUachtarán go hÉirinn anuraidh?
3. An bhfuil a fhios agat **go bhfuil**
na pandaí ag filleadh go San Diego?
4. An dóigh leat **gur thit sneachta**
in Éirinn le déanaí?
5. An bhfuil tú sásta **nach bhfuil sé**
ag cur báistí a thuilleadh?

Conversation 1

Where is John?

I think **that he is** still in China.

Didn't you hear **that he came** home?

No. When did he come?

I think **that he returned** last night.

I didn't hear about it.

Conversation 2

I hope **that you are** well.

I was sick, but I got better.

I didn't know **that you were** sick.

I'm okay now.

Well, I'm happy **that you are**.

Thank you.

Conversation 3

Mary wasn't on the bus today.

I suppose **that she walked** home.

I don't think so (**that walked**).

Maybe **she got** a ride.

Perhaps.

Probably.

Conversation 4 (questions)

Do you think that there is life
on other planets?

Did you hear **that the President**
went to Ireland last year?

Did you know **that**
the pandas are returning to San Diego?

Do you suppose **that it snowed**
in Ireland recently?

Are you happy **that it isn't**
raining any more?

Amhrán Mháirtín

Beairtle Ó Domhnaill

- | | |
|---|--|
| 1. Níor chuir tú litir a'm ná glaoch le guthán, | You didn't send me a letter or call me on the phone, |
| 2. Ná ní chuirfidh tú cárta a'm le haghaidh Vailintín, | And you won't send me a card for a Valentine, |
| 3. Níor labhair tú ar m'ainm ariamh i measc do chairde, | You never spoke my name among your friends, |
| 4. Is mo chroí anseo cráite le cumha i do dhiaidh. | And my heart here crushed with longing after you. |
| 5. Bliain go hearrach seo tar éis Lá 'le Pádraig, | A year to this spring after St. Patrick's Day, |
| 6. Sea d'fhág tú an áit seo agus chuaigh go Wales, | It is that you left this place and went to Wales, |
| 7. Nár dúirt tú an mhaidin sin go raibh tú i ngrá liom, | Didn't you say that morning that you were in love with me, |
| 8. Ach cén fáth, a Mháirtín, gur thréig tú mé? | But why, Martin, did you abandon me? |
| 9. Bím ag smaoineamh oíche is lá ort, | I think about you night and day, |
| 10. Ag siúl na sráide is mé amuigh liom fhéin, | Walking the street out by myself, |
| 11. Dheamhan duine á fhiafraí díom cá bhfuil Máirtín, | Not a person asking me where is Martin, |
| 12. Nach é an freagra a fhaigheann siad, go bhfuil sé i Wales, | Isn't the response they get, that he is in Wales. |
| 13. Dá bhfaighinnse scilling ar gach deoir dár chaoin mé, | If I were to get a shilling for every tear I cried, |
| 14. Bheadh punt le roinnt a'm 'gus mo sparán lán, | I would have pounds to share and my purse full, |
| 15. Mar tá mé cinnte gur shil na mílte, | For I am certain that I shed thousands, |
| 16. Mo dheora síos liom i ndiaidh mo Mháirtín bán. | My tears have fallen for my fair Martin. |
| 17. Tá an samhradh ar ais aríst, nach breá le rá a'am, | The summer is back again, isn't it nice to say, |
| 18. Tá an ghrian ag ardú is í te dá réir, | The sun is rising and it's warm for it, |
| 19. Ba dheas an aimsir í le dhul thar sáile, | It would be nice weather to go overseas, |
| 20. Ar thóraíocht Mháirtín atá i South Wales. | Looking for Martin who is in South Wales. |

21. Má tá bean eile aige is mé fhéin fágtha, If he has another woman and I left,
22. Más luath nó mall é tiocfaidh athrú Whether sooner or later, there will be a
scéil, change in the situation,
23. Mar i gcathair Chardiff thall tá mná For over in Cardiff city there are shameless
gan náire ann, women,
24. Is iomaí fear a d'fhága siad ag caint leis It's many a man they left talking to himself.
fhéin,

25. Dá bhfillfeá abhaile go dtí mé, a If you were to return home to me, Martin,
Mháirtín,
26. Seacht n-uaire ab fhearr duit é ná It would be seven times better for you than
bheith thall i Wales, to be over in Wales,
27. Tá an ceol is an chraic anseo, is ag Music and fun is here, and it's only getting
feabhsú atá sé, better,
28. Tá na tithe ósta lán is tá mé fós liom The guest houses are full and I am still
fhéin. alone.

29. Shíl mé tamall gur *sign* ón mbás é, I thought once that it was a sign of death,
30. Mar ó lá go lá bhínn ag faire an *mhail*, For from day to day I would be watching
the mail,
31. Séard dúirt fear an phosta liom **nach** The mailman told me, isn't it a pity,
bocht an cás é,
32. Nó an bhfuil peann ná páipéar le fáil i Or is pen and paper to be found in Wales?
Wales?

33. Ní raibh peann ná páipéar ariamh Pen and paper were never so rare as that,
chomh gann sin,
34. Ba fear é Máirtín a bhí in ann scríobh Martin was a man who could write and read,
agus léamh,
35. Ach rug an deoch air agus sháinnigh But the drink got him and women entrapped
mná é, him,
36. Is nach diabhailtaí an feall é do fhear And isn't it a devilish betrayal for a man
mar é? like him?

37. Níl ní níos measa ná scéal níos cloíte, There's nothing worse, or a more abject
situation,
38. Ná bean ag caoineadh is í go mór i Than a woman weeping who is greatly in
ngrá, love,
39. Ag súil abhaile le fear nach Hoping for a return home of a man who
scríobhfadh, wouldn't write,
40. A Mháirtín, smaoinigh orm is ná fan Oh Martin, think about me and don't stay
thall. over there.